**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
Department of Education and Skills

**Imlitir 0040/2019**

| |
|---|
| CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA IAR-BHUNSCOILEANNA<br>AGUS CHUIG PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH BORD<br>OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA |

# Fógra um Próiseáil Chóir chun míniú a thabhairt i dtaobh conas a dhéanfar sonraí pearsanta mac léinn iar-bhunscoile ar an mBunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (P-POD) a thaifeadadh, a phróiseáil agus a chomhroinnt.

## 1. Cuspóir

Is é atá sa Bhunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (P-POD) ná bunachar sonraí aonair na ndaltaí atá rollaithe in iar-bhunscoileanna atá aitheanta ag an Roinn. Cé go n-óstálann an Roinn Oideachais agus Scileanna an bunachar sonraí seo, agus go mbeidh rochtain ag an Roinn ar shonraí atá ann, is iad na scoileanna ina bhfuil na daltaí rollaithe a sholáthraíonn sonraí na ndaltaí agus a choimeádann cothrom le dáta iad. Tá an fhaisnéis aonair seo a leanas faoi dhaltaí in iar-bhunscoileanna le fáil sa bhunachar sonraí:

- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (PSP)
- Ainm
- Seoladh
- Dáta Breithe
- Inscne
- Náisiúntacht
- Sloinne na máthar roimh phósadh
- Máthairtheanga
- Éirchód
- Ainm ar an Teastas Breithe
- Táscaire á léiriú gur seiceáladh an Teastas Breithe
- Dáta deonaithe na díolúine ón nGaeilge
- An chúis leis an díolúine ón nGaeilge
- Táscaire ar an Máthairtheanga
- Cúlra Eitneach/Cultúir
- Táscaire ar Athdhéanamh Bliana
- An chúis le hAthdhéanamh Bliana
- Dáta ar ceadaíodh Athdhéanamh Bliana
- Táscaire ar Bhás
- Scoláire Cónaithe

.

Is é is cuspóir do[1] P-POD ná a chumasú don Roinn a feidhm phoiblí a chomhlíonadh maidir le hoideachas a sholáthar, agus sin a dhéanamh a mhéid is indéanta ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil agus de réir leibhéal agus cáilíocht is cuí chun freastal ar riachtanais agus ar chumais na mac léinn in iar-bhunscoileanna atá aitheanta ag an Roinn.

Mar thoradh ar P-POD is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn leanaí tríd an gcóras oideachais chun a chinntiú gur féidir le dalta barr a gcumais oideachais a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfuil oideachas á fháil ag gach leanbh atá in aois éigeantach scoile.

Fágann na sonraí ar P-POD, ar sonraí iad a chomhroinneann scoileanna leis an Roinn, gur féidir feidhm phoiblí na Roinne a chur i gcrích, is é sin le rá, soláthar a dhéanamh maidir le hoideachas, lena n-áirítear maoiniúchán agus foireann a leithroinnt do scoileanna ar bhonn na sonraí faoi dhaltaí a fhíoraítear ar leithligh, tacaíocht agus acmhainní a sholáthar do scoileanna agus monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar na curaclaim atá á múineadh ag scoileanna.

Tá an Roinn tiomanta i leith an méid seo a leanas:

- cloí leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ( (GDPR) is é sin, Rialachán (AE) 679/2016 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018
- na cearta atá ag daoine aonair i réimse na rúndachta agus an phríobháideachais a urramú

In Airteagal 4(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, is é sin, RIALACHÁN (AE) 2016/679, déantar an rialaitheoir sonraí mar an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna próiseála sonraí pearsanta; Ós rud é go gcinneann an Roinn Oideachais & Scileanna 'cén fáth' gur ceart sonraí pearsanta, a sholáthraíonn P-POD do scoileanna, a phróiseáil agus 'cén tslí' ina bpróiseáiltear na sonraí sin, is í an rialaitheoir sonraí í.
San fhógra seo um próiseáil chóir, leagtar amach an tslí ina gcomhlíonfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna gach ceann de na rialacha sin i ndáil le sonraí a stóráiltear sa Bhunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (P-POD) agus a gcomhroinneann scoileanna léi. Más iomchuí, leagfaidh sí amach conas a gcloífear leis na rialacha sin i gcás Eintiteas an Dalta (bunachar sonraí inmheánach na roinne).

Bainfear úsáid as an uimhir PSP mar aitheantóir uathúil an dalta ar P-POD agus ar Eintiteas an Dalta chun a chumasú don Roinn soláthar a dhéanamh i leith oideachais do dhaltaí iar-bhunscoile a mhéid is indéanta agus faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.[2] Mar thoradh air sin, beifear in ann stair oideachais linbh a chothabháil go cruinn de réir mar a théitear ó scoil go scoil agus, chomh maith leis sin, déanfar deimhin de nach bhfuil aon rolluithe dúblacha ann sa chóras. Déanfar an uimhir PSP, mar a sholáthraíonn tuismitheoirí/caomhnóir nó an dalta í, a fháil ón scoil agus úsáidfear í chun aitheantas seirbhíse poiblí an dalta a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as seirbhís chliant na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.[3] Cumascann sé sin próiseas meaitseála trína bhfíordheimhnítear uimhreacha PSP, agus úsáid á baint as athróga eile ó thacar sonraí Aitheantas Seirbhíse Poiblí daltaí, agus tugtar cód meaitseála don Roinn Oideachais agus Scileanna. I gcásanna nach mbíonn an uimhir PSP ar fáil ón scoil, déanfaidh an Roinn iarracht an uimhir a fháil trí sheirbhís chliant na n-uimhreacha PSP agus an fhaisnéis a chur le P-POD agus PEIP (Tionscadal Forfheidhmithe Eintiteas an Dalta).

[1]Alt 6(b) den Acht Oideachais, 1998 – *a fhoráil, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, go gcuirfear ar fáil do dhaoine a chónaíonn sa Stát leibhéal agus cáilíocht oideachais is cuí chun freastal ar riachtanais agus cumais na ndaoine sin*.
[2]Alt 262(6)(b) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005
[3]Alt 262(6)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005

Is féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an uimhir PSP a chomhroinnt, de réir mar is gá, le Tusla - an tSeirbhís Leasa Oideachais nó leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (de réir mar a cheadaítear faoin Acht Oideachais (Leas) 2000 más rud é go bhfuil gá léi chun leas oideachais linbh a áirithiú nó chun tacaíochtaí oideachais a sholáthar d'fhonn freastal ar riachtanais speisialta oideachais.

Ina theannta sin, is féidir an uimhir PSP a chomhroinnt ina dhiaidh sin leis an Roinn Fostaíochta & Gnóthaí Sóisialacha chun a chumasú don Roinn sin áireamh leantach daltaí le haghaidh íocaíochtaí sochair linbh tar éis don dalta imeacht as an gcóras oideachais iar-bhunscoile roimh an Ardteistiméireacht a chríochnú.

I gcásanna ina bhfuil gá leis an uimhir PSP a húsáid ag scoil, agus ní hamháin ar mhaithe le daonra ar aghaidh chuig P-POD, tá sé d'oibleagáid ar scoileanna, faoin reachtaíocht a bhaineann le cosaint sonraí, míniú a thabhairt ar an gcuspóir sonrach ar ina leith atá an fhaisnéis á bailiú agus á húsáid acu.

## 2. Treoracha maidir le P-POD i gcaint shoiléir

Tá sraith Ceisteanna a Chuirtear go Minic faoi P-POD ar fáil ag https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Returns/Post-Primary-Online-Database-P-POD-Project/FAQs.html

Tá faisnéis eile faoi P-POD ar fáil ar

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Returns/Post-Primary-Online-Database-P-POD-Project/

## 3. Seacht bPrionsabal a bhaineann le Cosaint Sonraí

In Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, leagtar amach seacht bpríomhphrionsabal atá i gcroílár an chórais ghinearálta maidir le cosaint sonraí.

Is iad seo a leanas na seacht bpríomhphrionsabal sin:

- Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht
- Teorannú de réir cuspóra
- Íoslaghdú sonraí
- Cruinneas
- Teorannú stórála
- Sláine agus rúndacht (slándáil)
- Cuntasacht

### Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht

Ní mór sonraí pearsanta a fháil agus a phróiseáil "go cothrom agus go dleathach".

San Acht um Chosaint Sonraí 2018, tarraingítear aird ar oibleagáid shoiléir chun a chur in iúl d'ábhair shonraí conas a dhéantar, nó a dhéanfar, a gcuid sonraí a phróiseáil agus ní mheasfar próiseáil a bheith cothrom mura rud é go mbeidh faisnéis shonrach tugtha don ábhar sonraí maidir le céannacht an rialaitheora, maidir le cé dóibh a nochtfar an fhaisnéis agus maidir leis na cuspóirí ar chucu a phróiseálfar na sonraí. Is é atá sa réasúnú ina leith sin ná gurb amhlaidh, má tá an phróiseáil cothrom, nach mór an t-ábhar sonraí a chur sa riocht gur féidir leis/léi foghlaim faoin oibríocht phróiseála a bheith ann, nach mór dó/di rochtain a bheith aige/aici ar an bhfaisnéis sin agus, dá bharr sin, nach mór dó/di a bheith in ann a chur faoi deara na sonraí sin a cheartú más gá sin.

## Teorannú de réir cuspóra

Ní mór na sonraí go léir a bhailítear a bhailiú le haghaidh **cuspóirí** sonraithe, sainráite, dlisteanacha agus ní cheadaítear iad a phróiseáil tuilleadh ar mhodh atá ar neamhréir leis na **cuspóirí** sin**.**

## Íoslaghdú sonraí

Ní ceart ach an méid íosta sonraí pearsanta a chomhroinnt. I gcuid mhór cásanna, ní bheidh gá ach amháin le freagra "dearfach" nó "diúltach" maidir le ceist i dtaobh an bhfuil duine áirithe ar P-POD, mar shampla, nó maidir le ceist i dtaobh an Béarla nó Gaeilge atá ag dalta mar mháthairtheanga

## Cruinneas

Is ceart na sonraí ar fad a bheith cruinn agus, más gá, is ceart na sonraí a choimeád cothrom le dáta. Maidir le haon sonraí arb eol ina leith go bhfuil siad míchruinn, is ceart iad a scriosadh nó a cheartú gan mhoill.

## Teorannú stórála

Coimeádfar na sonraí go léir i bhfoirm nach gceadaítear léi ábhair shonraí a shainaithint ach amháin go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil.

## Sláine agus rúndacht (slándáil)

Déanfar na sonraí go léir a phróiseáil ar mhodh ina n-áirithítear slándáil chuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta cuí teicniúla nó eagraíochtúla.

## Cuntasacht

Maidir le haon eagraíocht a bhailíonn sonraí pearsanta de chuid duine aonair, ní mór dóibh glacadh leis an bhfreagracht i ndáil le nithe a dhéanann siad le sonraí pearsanta agus i ndáil leis an tslí ina gcomhlíonann siad na sé phrionsabal eile.

Ní mór dóibh bearta cuí agus taifid chuí a bheith i bhfeidhm acu chun bheith in ann a thaispeáint go bhfuil siad comhlíontach.

Beidh freagracht ar an rialaitheoir i ndáil le comhlíonadh na seacht bprionsabal thuas agus ní mór dó/di a bheith in ann an chomhlíontacht sin a thaispeáint.

## 4. Tuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair

Maidir leis na sonraí faoi dhaltaí a fuarthas roimhe seo ó thuismitheoirí/chaomhnóirí nó ón dalta, chuir siad ar fáil do scoileanna iad chun an dalta ar leith a bhí i gceist a shainaithint i ndáil le hoideachas a sholáthar dó/di agus le go mbeadh cuid de na sonraí sin i gcomhréir le ceanglais an bheartais oideachais de réir mar a chinneann an Roinn agus de réir mar a chuirtear in iúl é ar mhodh rialacha na Roinne agus imlitreacha a chuirtear chuig scoileanna. Déantar sonraí a aistriú ar aghaidh ón scoil go dtí an Roinn lena chinntiú gur féidir leis an Roinn a feidhm phoiblí a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le soláthar a dhéanamh maidir le cúrsaí oideachais (Alt 266(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005).

Uair amháin sa bhliain, mar chuid de phróiseas bliantúil na dtuairisceán, ar a dtugtar Tuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair, gineann na scoileanna sliocht as P-POD ina bhfuil sonraí maidir leis na daltaí a bhí rollaithe

ar an 30 Meán Fómhair. Déantar Tuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair a sheoladh go leictreonach chuig an Roinn ar mhodh slán.

Tar éis Tuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair a fháil ó gach scoil, uasdátaíonn an Roinn Eintiteas an Dalta, is é sin, bunachar sonraí de chuid na Roinne (ar a dtugtaí Bunachar Sonraí na nDaltaí Iar-Bhunscoile), trí shonraí na ndaltaí sna tuairisceáin a iontráil. Faigheann feidhmchláir inmheánacha de chuid na Roinne, amhail na cinn a úsáidtear le linn acmhainní foirne agus maoiniúchán a leithroinnt do scoileanna nó i gcás anailís staitistiúil agus taighde a bheith ar siúl, rochtain ar na sonraí atá ann in Eintiteas an Dalta (i.e. sonraí maidir le rollú amhail ar an 30 Meán Fómhair). I gcás ina bhfuil gá le rochtain ar shonraí cothrom le dáta maidir le daltaí le haghaidh anailís staitistiúil agus taighde, is féidir rochtain a fháil ar na sonraí sin ó P-POD.

Ina theannta sin, déanfar cuid de na sonraí a bhailítear ar P-POD a úsáid ag an scoil d'aon toisc ar mhaithe le cúrsaí riaracháin na scoile. Ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, déantar sonraí faoi thorthaí measúnachtaí agus scrúduithe a choimeád ar P-POD ar feadh 3 mhí (agus scriostar iad ansin) chun a chumasú do scoileanna athchlónna de Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a sholáthar do dhaltaí nó d'iardhaltaí de chuid na scoile. Ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, tá freagracht orthu i ndáil le cosaint sonraí laistigh dá scoileanna féin agus tá sé curtha in iúl do scoileanna ag an Roinn gur gá cloí lena bhfreagrachtaí mar rialaitheoirí sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí - féach imlitir 38/2014 ón Roinn - *Socruithe athbhreithnithe maidir le tíolacadh tuairisceán chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ag iar-bhunscoileanna don tréimhse 2014/2015 agus do bhlianta ina dhiaidh sin*.

Is ceart fiosruithe i dtaobh conas a chloíonn scoileanna ar leithligh leis na seacht bprionsabal maidir le cosaint sonraí a chur chuig an scoil ar leith lena mbaineann.

Ní fhéadfaidh scoileanna rochtain a fháil ar shonraí na ndaltaí ar P-POD ach amháin i gcás ina bhfuil na daltaí rollaithe ina scoileanna nuair atá an rochtain á fáil nó i gcás inarb í an scoil lena mbaineann an iar-bhunscoil dheireanach ar ar fhreastail duine a bhfuil a oideachas/hoideachas iar-bhunscoile críochnaithe aige/aici.

Is é beartas na Roinne é rochtain laistigh den Roinn ar shonraí a choimeádtar ar P-POD agus ar Eintiteas an Dalta araon a theorannú do bhaill foirne tacaíochta TF, do bhaill foirne tacaíochta P-POD agus do bhaill foirne in Aonad Staitisticí na Roinne agus i Rannóg Leithroinntí Múinteora agus Airgeadais Scoileanna na Roinne.

Ina theannta sin, déanann an Roinn cuid de na sonraí pearsanta atá stóráilte ar Eintiteas an Dalta (i.e. sonraí amhail an 30 Meán Fómhair), mar a fuarthas iad ó Thuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair i leith P-POD, a chomhroinnt le comhlachtaí poiblí eile.

Seo a leanas na comhlachtaí sin:

- *An Phríomh-Oifig Staidrimh*, faoi alt 30(1)(b) den Acht Staidrimh 1993 chun cabhrú le tiomsú staitisticí náisiúnta.[4]
- *An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaigh*, faoi alt 262(6)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005[5] - déanann an Roinn seo méid teoranta de shonraí pearsanta gach dalta ar leithligh, lena n-áirítear uimhir PSP an dalta, a chomhroinnt le seirbhís chliant na Roinne Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí chun aitheantas gach dalta ar leith a fhíordheimhniú.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit, de réir mar a fhoráiltear faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, (idir comhlachtaí sonraithe), déanann scoileanna na sonraí faoi iontrálaithe le haghaidh scrúduithe stáit a

[4] Leis an Acht Staidrimh 1993, tugtar údarás don Phríomh-Oifig Staidrimh rochtain a fháil ar acmhainneacht staitistiúil na dtaifead a choimeádann údaráis phoiblí eile agus a chinntiú go mbaintear an acmhainneacht sin amach; dá bhrí sin, tá rochtain dhíreach ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, ar bhonn reachtúil, ar shonraí faoi dhaoine aonair agus faoi ghnóthaí a bhailítear chun críocha riaracháin.

[5] De réir alt 262(6)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, i gcás ina mbíonn idirbheart ann idir comhlacht sonraithe agus duine ar leith, féadfaidh an tAire aitheantas seirbhíse poiblí an duine sin a chomhroinnt leis an gcomhlacht sonraithe a mhéid is gá sin le go mbeidh an comhlacht sonraithe in ann aitheantas seirbhíse poiblí an duine a fhíordheimhniú. Chun críocha an Achta sin, is comhlacht sonraithe é an Roinn Oideachais agus Scileanna.

chur ar fáil do Choimisiún na Scrúduithe Stáit trí bhíthin Thuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair chun cabhrú le pleanáil na scrúduithe stáit ag an gCoimisiún sin.

- *Ionad Taighde Oideachais (PISA)*, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, is é sin Rialachán (AE) 679/2016 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 - sonraí faoi dhaltaí 15 bliana d'aois, gan a n-uimhir PSP a áireamh, chun freastal a dhéanamh ar a riachtanais taighde, lena n-áirítear roinnt gealltanas taighde de chuid na hÉireann. Ina dhiaidh sin, déanann an Foras idirchaidreamh go díreach le hiar-bhunscoileanna i leith aon sonraí eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uaidh faoi dhaltaí ar leithligh mar chabhair i leith a chuid riachtanas taighde.
- *Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)*, faoi alt 28(5)(b) den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011, chun sonraí a sholáthraítear mar chuid den phróiseas iarratais a fhíorú (i.e. freagra dearfach nó freagra diúltach), tugtar sonraí do SUSI lena léiriú go raibh iarratasóirí ar na deontais do dhaltaí rollaithe sa réimse iar-bhunscoile ar feadh 3 bliana ar a laghad de na cúig scoilbhliana.
- *Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR)* agus *Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE)* ar mhodh toilithe ó na hiarratasóirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíochta atá le breithniú faoi scéimeanna rochtana HEAR, soláthraítear daingniú (i.e. freagra dearfach nó freagra diúltach) do HEAR chun a dhaingniú gur chuir scoileanna in iúl go raibh iarratasóir rollaithe sa réimse oideachais iar-bhunscoile ar feadh trí bliana ar a laghad de na cúig bliana seo caite. Tá socrú den tsamhail chéanna ann maidir le DARE i leith iarratasóirí faoi mhíchumas.
- *NEPS (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)*, faoi ailt 2 agus 7 den Acht Oideachais 1998 maidir le feidhm an Aire agus na seirbhíse síceolaíochta, déanann an Roinn seo méid teoranta de shonraí pearsanta gach dalta ar leith, lena n-áirítear uimhir PSP an dalta, a chomhroinnt le NEPS chun ligean dóibh riachtanas a mheas agus a shainaithint agus chun eolas a fháil i ndáil le hidirghabhálacha cuí, i gcomhar le scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí, i leith ábhair imní a ardaítear i ndáil le leas an dalta nó i ndáil le forbairt oideachais, shóisialta nó mhothúchánach.

Tá meabhrán tuisceana curtha i bhfeidhm ag an Roinn le gach ceann de na comhlachtaí sin agus áiríonn sé sin an cuspóir agus an bonn dlí a bhaineann leis an ngá atá ag an gcomhlacht leis na sonraí agus a bhaineann le stóráil, slándáil agus coimeád na sonraí.

Ó bhí 2016/17 ann, tá aistriú sonraí an dalta ó chomhlacht stáit go dtí an scoil á éascú ag P-POD:

- Ceadaítear do *Choimisiún na Scrúduithe Stáit* torthaí deiridh na scrúduithe stáit ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí a aistriú chuig scoileanna chun a chumasú dóibh na sonraí sin a áireamh i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCAP) a eisíonn scoileanna chuig na daltaí dá gcuid a chríochnaíonn an tSraith Shóisearach.

Cé go n-éascaíonn an Roinn aistriú an chineáil sonraí thuas trí bhíthin P-POD, ní bhfaighidh sí rochtain ar an gcineál sin sonraí ar leithligh, lena n-áirítear torthaí measúnachtaí agus torthaí scrúduithe i leith dalta ar leith sa tSraith Shóisearach ach amháin i gcásanna a gceaptar maidir leo go mbeidh siad an-tearc agus eisceachtúil más rud é, le gur féidir leis an Roinn tacaíocht theicniúil a sholáthar d'úsáideoir P-POD i scoil, gur gá don Roinn rochtain a fháil ar thaifid ar leithligh.

Ina theannta sin, is féidir le scoil na sonraí faoi mheasúnachtaí a choimeádtar ar P-POD a chomhiomlánú lena n-úsáid ag Cigireacht na Roinne ar mhaithe le measúnú agus measúnacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chlár na Sraithe Sóisearaí ag scoileanna. Is féidir na sonraí faoi mheasúnachtaí a úsáid i bhformáid chomhiomlánaithe freisin chun críocha anailís staitistiúil agus taighde. Má úsáidtear na sonraí sin le linn táblaí "Feidhmíocht Chomparáideach" a thiomsú, ansin tá gá le maolú sonrach faoi alt 4(a) den Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015.

Féadfaidh an t-aonad beag tacaíochta teicniúla laistigh den Roinn a thugann tacaíocht theicniúil d'úsáideoirí P-POD i scoileanna rochtain a fháil ar thaifid mheasúnachta má údaraíonn scoileanna sin roimh ré agus i gcás ina bhfuil gá leis sin chun saincheist theicniúil i leith P-POD a réiteach, ar saincheist í a bheidh curtha in iúl don Roinn ag scoil.

Faoi Alt 20 den Acht Oideachais (Leas) 2000, ceadaítear do scoileanna a áirítear i gcóras P-POD sonraí a mhalartú freisin ar mhaithe le hiarratas ó dhalta chun rollú i scoil eile a éascú agus, ina dhiaidh sin, chun an rollú sin a éascú.

Maidir leis na sonraí faoi dhaltaí ar P-POD, déanfaidh an scoil ina bhfuil na daltaí rollaithe iad a chothabháil. Tá oibleagáid ar an scoil a chinntiú go ndéantar na sonraí a bhaineann lena ndaltaí a chothabháil go cruinn.

Déantar na sonraí faoi dhaltaí ar bhunachar sonraí Eintiteas an Dalta a uasdátú ar bhonn bliantúil trí bhíthin phróiseas Thuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair. Is ceart a lua go mbaintear úsáid as na sonraí sin go formhór i bhformáid chomhiomlán amhail ar an 30 Meán Fómhair gach bliain agus, ó am go chéile, ar leibhéal taifid ar leithligh chun críocha anailís staitistiúil.

Gach bliain, mar chuid de phróiseas Thuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair, ceanglaíonn an Roinn ar údaráis scoile dearbhú a shíniú á rá go bhfuil a gcuid oibleagáidí cosanta sonraí comhlíonta acu i ndáil le bailiú agus comhroinnt a gcuid sonraí faoi fhaltaí trí bhíthin P-POD.

Chun cabhrú le scoileanna agus leis an Roinn araon déanamh de réir na gceanglas cosanta sonraí a bhaineann leo faoi seach i réimse P-POD, iarrtar ar iar-bhunscoileanna aird tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus ball foirne scoile a tharraingt ar an imlitir seo.

**Tom Deegan,**
**Príomhoifigeach,**
**An tAonad P-POD**
**Rannán na Scoileanna,**
**Iúil 2019**

# AGUISÍN 1 - BONN DLÍ

Seo a leanas an bonn dlí atá ann maidir le bailiú faisnéise pearsanta le haghaidh P-POD, lena n-áirítear an liosta ítimí pearsanta:

1) **An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, Alt 266 —**

*D'ainneoin aon ní in aon achtachán eile, féadfaidh comhlacht sonraithe faisnéis a d'fhéadfadh a bheith forordaithe a chomhroinnt leo seo a leanas—*
*(a) an tAire Oideachais agus Eolaíochta, i gcás ina bhfuil gá ag an Aire sin leis an bhfaisnéis chun a chumas dó nó di oideachas a chur ar fáil de réir alt 6(b) den Acht Oideachais 1998, nó*
*(b) an tÚdarás um Ard-Oideachas, i gcás ina bhfuil gá ag an gcomhlacht sin leis an bhfaisnéis chun a fheidhmeanna faoi alt 3(a), (b) nó (d) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 1971 a chomhlíonadh.*

***IR Uimh 317/2015, Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) 2015*** http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/317/made/en/pdf

*Faisnéis a chomhroinnt*

*2. Déantar Airteagal 189 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007) a leasú—*
*(a) tríd an bhfo-airteagal seo a leanas a chur in ionad fho-airteagal (1):*
" *(1) Forordaítear an fhaisnéis seo a leanas mar an fhaisnéis a bhféadfaidh comhlacht sonraithe a shonraítear i mír 2 de Sceideal 5 í a chomhroinnt, de réir alt 266, leis an Aire Oideachais agus Scileanna nó leis an Údarás um Ard-Oideachas:*
*(a) ar faisnéis í a bhaineann le dalta—*
*(i) is é sin le rá—*
*(I) a thúsainm nó a túsainm,*
*(II) a shloinne nó a sloinne,*
*(III) a dháta breithe nó a dáta breithe,*
*(IV) a sheoladh nó a seoladh,*
*(V) a ghnéas nó a gnéas,*
*(VI) a náisiúntacht;*
*(VII) a uimhir phearsanta seirbhíse poiblí nó a huimhir phearsanta seirbhíse poiblí,*
*(VIII) sloinne breithe a mháthar nó a máthar,*
*agus ar faisnéis í i dtaobh na nithe seo a leanas*
*(ii) an bhfuil an dalta—*
*(I) ina chónaí nó ina cónaí ina scoil,*
*(II) díolmhaithe ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus, má tá, dáta, catagóir agus deontóir na díolúine sin,*
*(III) ag fáil tacaíocht mhúinteoireachta acmhainne nó tacaíocht foghlama agus, má tá, cineál na tacaíochta sin,*
*(IV) i rang do dhaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus, má tá, leibhéal comhtháite an dalta, más ann, i suíomhanna ranga príomhshrutha,*
*(V) ina dhalta nó ina dalta i rang speisialta agus, má tá, an cineál ranga speisialta,*
*(VI) ina dhalta nó ina dalta i scoil speisialta agus, má tá, catagóir an deontais caipitíochta a íoctar i leith an dalta sin,*
*(VII) ina iontrálaí nua nó ina hiontrálaí nua,*
*(VIII) ag athdhéanamh bliana agus, má tá, na cúiseanna leis sin,*
*(IX) ina dhalta nó ina dalta socrúcháin gearrthéarma agus, má tá, an fad ama atá sé nó sí rollaithe;*
*(b)Maidir leis an gcúrsa staidéir atá á dhéanamh ag dalta de chuid an chomhlachta sin—*
*(i) Dáta rollaithe an dalta,*

*(ii) Foinse an rollaithe don dalta,*
*(iii) Grúpa agus caighdeán rang an dalta,*
*(iv) An cineál ranga ina bhfuil an dalta,*
*(v) An cineál dalta,*
*(vi) Uimhir rolla reatha na scoile i leith an dalta,*
*(vii) Iar-uimhir rolla an dalta, más*
*infheidhme*
*(viii) An dáta a fhágann an dalta an cúrsa staidéir, agus*
*an ceann scríbe tar éis fágáil,*
*(ix) An clár ar ina leith atá staidéar á dhéanamh ag an dalta agus*
*bliain a chláir nó a cláir,*
*(x) An uimhir scrúdaithe iarrthóra don dalta,*
*(xi) Na hábhair a bhfuil stáidéar á dhéanamh ag an dalta orthu agus an leibhéal*
*ábhair a bhfuil staidéar á dhéanamh aige nó aici i leith na n-ábhar sin,*
*(xii) An teanga ar trína meán atá staidéar á dhéanamh ag an dalta,*
*(xiii) An bhfuil páirt á glacadh ag an dalta i scéim atá á riaradh*
*ag Bord Oideachais agus Oiliúna agus ar a dtugtar*
*an Scéim Deiseanna Gairmoiliúna, agus*
*(xiv) I gcás an dalta a bheith rollaithe i gClár Iar-Ardteistiméireachta*
*nó i gClár Ardteistiméireachta Feidhmí,*
*an leibhéal is airde atá bainte amach roimhe seo i dtaca le gnóthachtáil acadúil.",*

2) **Alt 20 den Acht Oideachais (Leas) 2000**

*(1) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, a chur faoi deara clár de na daltaí go léir a fhreastalaíonn ar an scoil sin a bhunú agus a chothabháil.*
*(2) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, an lá a fhreastalóidh an leanbh ar an scoil sin den chéad uair, ainm an linbh, an dáta a fhreastalaíonn sé nó sí amhlaidh den chéad uair agus cibé sonraí eile a fhorordóidh an tAire a thaifeadadh sa chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith na scoile sin agus measfar, chun críocha an Achta seo, an leanbh lena mbaineann a bheith cláraithe sa scoil sin amhail ar an agus ón dáta sin.*
*(3) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, a luaithe is féidir tar éis ainm linbh atá cláraithe i scoil aitheanta eile a chlárú sa chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith na chéad scoile a luaitear, an méid sin a chur in iúl, trí fhógra i scríbhinn, do phríomhoide an dara scoil a luaitear*
*(4) Déanfaidh príomhoide an dara scoil a luaitear agus dá dtagraítear i bhfo-alt (3), ar fhógra faoin bhfo-alt sin a fháil, ainm an linbh lena mbaineann a bhaint den chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith an dara scoil sin a luaitear ach amháin i gcás ina leanfaidh an leanbh de bheith ag fáil cuid dá oideachas nó dá hoideachas sa scoil sin.*
*(5) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, ar fhógra faoi fho-alt (3) a fháil i leith linbh, na nithe seo a leanas a chur in iúl do phríomhoide na chéad scoile a luaitear san fho-alt sin—*
*(a) aon fhadhbanna i ndáil le freastal scoile a bhí ag an leanbh lena mbaineann le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an dara scoil a luaitear agus dá dtagraítear ann, nó*
*(b) cibé nithe eile is cuí leis nó léi i ndáil le dul chun cinn oideachasúil an linbh.*

*(6) Ní bhainfidh príomhoide scoile aitheanta ainm linbh den chlár seachas—*

*(a) de réir fho-alt (4), nó*

*(b) i gcás ina mbeidh fógra i scríbhinn faighte aige nó aici ón mBord á rá go bhfuil an leanbh lena*

*mbaineann cláraithe sa chlár a bheidh á chothabháil faoi alt 14 .*

3) **Alt 28 den Acht Oideachais (Leas) 2000.**
http://www.irishstatutebook.ie/2000/en/act/pub/0022/sec0028.html#sec28

*(1) Féadfaidh rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe sonraí pearsanta a bheidh á gcoimeád aige nó aici, nó faisnéis arna baint as sonraí den sórt sin, a sholáthar do rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe eile más deimhin leis nó léi gur chun críche iomchuí, agus chuige sin amháin, a úsáidfear iad.*
*(2) Féadfaidh rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe, críche iomchuí agus chuige sin amháin, sonraí pearsanta a sholáthrófar dó nó di faoin alt seo a choimeád agus a úsáid.*

*(3) San alt seo— tá le ''rialaitheoir sonraí'' agus ''sonraí pearsanta'' na bríonna a shanntar dóibh leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988; ciallaíonn ''comhlacht forordaithe'' comhlacht a bheidh forordaithe ag an Aire; ciallaíonn ''chun críche iomchuí''—*

*(a) chun stair oideachais nó oiliúna duine a thaifeadadh, nó chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn oideachasúil nó oiliúna an duine sin, d'fhonn a fháil amach conas is fearr is féidir cabhrú leis nó léi leas a bhaint as deiseanna oideachais nó oiliúna nó a lánphoitéinseal oideachasúil a fhorbairt, nó (b) chun taighde a dhéanamh— (i) ar a mhéid a chuireann daoine, a bhfuil oideachas íosta áirithe á fháil nó faighte acu, iad féin i láthair i gcomhair scrúduithe a bhfuil feidhm ag Cuid VIII d'Acht 1998 maidir leo, agus mar a chruthaíonn daoine a chuireann iad féin i láthair amhlaidh sna scrúduithe sin, (ii) ar a mhéid a ghlacann daoine a bhfuil oideachas íosta áirithe faighte acu tuilleadh páirte i gcláir oideachais, oiliúna nó teagaisc, nó (iii) ar éifeachtacht clár oideachais nó oiliúna i gcoitinne.*

*Tá scoil aitheanta, de réir bhrí alt 2 den Acht Oideachais, ainmnithe mar chomhlacht forordaithe chun na gcríoch sin.*

**3) An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh (2005), Alt 262**

*(4) Déanfaidh duine a uimhir nó a huimhir phearsanta seirbhíse poiblí agus uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí a chéile nó a céile agus a leanaí, más iomchuí, a thabhairt do chomhlacht sonraithe de réir mar a cheanglóidh an comhlacht sin chun críocha idirbheart an duine.*

*(6) (a) I gcás ina mbíonn idirbheart ann idir comhlacht sonraithe agus duine ar leith, féadfaidh an tAire aitheantas seirbhíse poiblí an duine sin a chomhroinnt leis an gcomhlacht sonraithe a mhéid is gá sin le go mbeidh an comhlacht sonraithe in ann aitheantas seirbhíse poiblí an duine a fhíordheimhniú.*

**Tá liosta Comhlachtaí Sonraithe le fáil i SCEIDEAL 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh.**

1. *Is comhlacht sonraithe chun críocha an Sceidil seo agus chun críocha ailt 262 go 270 gach ceann díobh seo a leanas*:

   *(1) Aire den Rialtas*

2. *Is comhlacht sonraithe é gach ceann díobh seo a leanas chun críocha an Sceidil agus alt 266 : scoil aitheanta nó lárionad oideachais aitheanta (de réir bhrí alt 2 den Acht Oideachais 1998 ),*

http://www.irishstatutebook.ie/2005/en/act/pub/0026/sched5.html

Rialacha agus Clár na Meánscoileanna[6] arna ndéanamh de bhun na nAchtanna Oideachais 1878 go 1998.
http://www.education.ie/en/The-Education-System/Post-Primary/Rules-and-Programme-for-Secondary-Schools-2004-2005.pdf

[6]Baineann na **Rialacha agus an Clár** le gach scoil dara leibhéal, lena n-áirítear scoileanna in earnálacha an Oideachais Pobail & Chuimsithigh agus na mBord Oideachais agus Oiliúna agus, chomh maith leis sin, baineann siad leis na meánscoileanna deonacha.

## AGUISÍN 2 – FOIRM TOILITHE

## LÓGÓ NA SCOILE

**Foirm Toilithe i leith Sonraí Íogaire Pearsanta maidir le Tuairisceán mhí Dheireadh Fómhair na Scoile don Roinn Oideachais agus Scileanna**

Maidir le sonraí íogaire pearsanta áirithe a n-iarrann an Roinn ar iar-bhunscoileanna a sholáthar, is gá duit do thoiliú a thabhairt i scríbhinn le go bhféadfaidh scoil do linbh an fhaisnéis sin a thaifeadadh agus le go bhféadfaidh an scoil an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig an Roinn.

Tabhair do d’aire le do thoil go gciallaíonn an tagairt duit “sa dara pearsa uatha” tuismitheoir nó caomhnóir dalta, nó dalta atá 18 mbliana d’aois agus os a chionn agus atá ag freastal ar iar-bhunscoil aitheanta.

*Cuir isteach na mionsonraí seo a leanas le do thoil i* mBLOCLITREACHA

**Ainm na Scoile:** ______________________________________________________

**Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra:**______________________________________________________

**Ainm an Dalta:** ______________________________________________________

**Bliain acadúil ina bhfuil an dalta:** ____________________________

**1. Cad é Eitneacht agus Cúlra Cultúir do linbh?**

- ☐ **Éireannach Geal**
- ☐ **Lucht Siúil Éireannach**
- ☐ **Romach**
- ☐ **Aon Chúlra Geal eile**
- ☐ **Gorm nó Éireannach Gorm – Afracach**
- ☐ **Gorm nó Éireannach Gorm – aon chúlra Gorm eile**
- ☐ **Áiseach nó Áiseach Éireannach – Síneach**
- ☐ **Áiseach nó Áiseach Éireannach – aon chúlra Áiseach eile**
- ☐ **Eile (agus cúlra measctha san áireamh)**
- ☐ Níl toiliú á thabhairt

**Síniú:** ____________________________
**Tuismitheoir/Caomhnóir/Dalta**

**Dáta:**_____________________________

**Comhlánaigh an fhoirm seo, le do thoil, agus cuir ar ais chuig do iar-bhunscoil í.** Coimeádfaidh an iar-bhunscoil an fhoirm seo agus cuirfear ar fáil í lena hiniúchadh ag oifigigh údaraithe de chuid na Roinne nó de chuid Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.